



Cairt um Sheirbhísí do Chustaiméirí

AN SCOTH I SEIRBHÍSÍ

DO CHUSTAIMÉIRÍ

BUAITEOIR 2016

GRADAIM NUÁLAÍÓCHTA AGUS AN

SCOTH SA TSEIRBHÍS PHOIBLÍ



Geallaimid:

- A bheith sofhreagrach agus gairmiúil nuair a bheimid ag déileáil leat
- Caitheamh go cóir agus go neamhchlaonta le gach duine
- Teanga shoiléir agus shimplí a úsáid inár gcumarsáid ar fad
- Déileáil le d'fhiosrú go héifeachtach
- Cúnamh éifeachtach a chur ar fáil bunaithe ar na cúinsí a bhaineann leatsa
- Meas a léiriú do do phríobháideachas agus d'fhaisnéis phearsanta a choinneáil faoi rún

Labhair le duine den fhoireann má tá tú ar bhealach ar bith míshásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil

Seirbhísí do Chustaiméirí

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

76-78 Sráid Fhearchair

Baile Átha Cliath 2 D02 DX45

Iarraimid Ort:

- Go gcaithfeá le meas leis an bhfoireann
- Go mbeadh an cháipéisíocht riachtanach ar fad a theastaíonn uait do d'iarratas pas nó aon seirbhís eile a bheith i do sheilbh agat agus é a chur isteach in am
- A chinntiú go ndéanfaidh tú socruithe leordhóthanacha ó thaobh árachas taistil agus leighis sula dtéann tú thar lear
- Ár n-aip **TravelWise** a íoslódáil
- Glacadh lenár gcomhairle taistil agus smaoineamh ar chlárú leis an tsaoráid clárúcháin do shaoránaigh ar ár láithreán gréasáin:

<https://citizensregistration.dfa.ie>

sula dtéann tú ag taisteal

- Féachaint ar Chairt Cúnaimh Consalachta na Roinne

Cuirimid fáilte roimh aiseolas:
customer.service@dfa.ie

